2024/382

23.1.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/382 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Deireadh Fómhair 2023

lena gceartaítear an leagan Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoir 2003/41/CE agus Treoir 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 [1], agus go háirithe Airteagal 14(4) agus Airteagal 19(11) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa leagan Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún [2] tá earráidí in Airteagal 7, an dara fomhír, pointe (a), in Airteagal 31(1), an chéad fhomhír, an chéad abairt, agus in Airteagal 32 lena n-athraítear brí na bhforálacha.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Sualainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge.)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

[1] IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.
[2] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taiscí, giaráil, trédhearcacht agus maoirseacht (IO L 83, 22.3.2013, lch. 1).